# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

## 2025 - 2027

Sligo.

Sligo County Council
Comhairle Chontae Shligigh

| Colún | Uimh. Ghnímh: | Gníomh | Príomh-Roinn nó Príomh-Ghníomhaireacht | Dáta Dlite | Roinn Tacaíochta nó Gníomhaireacht Tacaíochta | Nasc le Gníomh sa GRSS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 1 | Scéimeanna feabhsúcháin um shábháilteacht ar bhóithre a sholáthar agus scéimeanna móra agus beaga athailíniúcháin a chistiú ar bhóithre náisiúnta chun taobhanna bóthair boga, bóithre féinmhínithe agus timpeallacht shábháilte d'úsáideoirí leochaileacha bóithre a chruthú. | Bonneagar Iompair Éireann | Gach bliain | An Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA) / Údaráis Áitiúla | 2 |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 2 | Soláthróidh Comhairle Contae Shligigh naoi scéim sábháilteachta ísealchostais ar an meán in aghaidh na bliana ar an ngréasán bóithre réigiúnacha agus áitiúla i gContae Shligigh, faoi réir cistiú a fháil ón Roinn Iompair. | Comhairle Contae Shligigh | Gach bliain | An Roinn Iompair | 4 |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 3 | Thar an tréimhse ón mbliain 2025 go dtí an bhliain 2027, méadóidh Comhairle Contae Shligigh an líon saoráidí scartha siúil agus rothaíochta i gContae Shligigh chun saoráidí sábháilte rothaíochta agus siúil a sholáthar d'úsáideoirí de gach aois, faoi réir cistiú a fháil ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI). | Comhairle Contae Shligigh | Gach bliain | An tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), an Roinn Iompair (RI) | 5 |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 4 | Comhlánóidh Comhairle Contae Shligigh foirm LA16 um Nós Imeachta maidir le Tuairisciú agus Meastóireacht ar Imbhualadh i gcás gur tharla bás nó i gcás gur tharla imbhualadh ar dóigh dó a bheith ina imbhualadh marfach. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | Bonneagar Iompair Éireann (TII), RI, an Garda Síochána, an Oifig um Bainistiú Bóithre | 61 |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 5 | Sonraí tráthúla agus cuí faoi imbhuailtí tráchta ar bhóithre a sholáthar d'údaráis áitiúla agus do ghníomhaireachtaí a bhfuil freagracht orthu as bóithre a fheabhsú agus a chothabháil chun a gcuid oibre a threorú. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ar siúl | Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, an Garda Síochána (AGS), Údaráis Áitiúla | 62 |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 6 | Déanfaidh Comhairle Contae Shligigh athbhreithniú ar acmhainn thiomnaithe innealtóireachta sábháilteachta ar bhóithre a sholáthar chun scéimeanna sábháilteachta ar bhóithre agus gníomhartha straitéise a chur ar aghaidh, agus déanfaidh sí moltaí i leith an tsoláthair sin. | Comhairle Contae Shligigh | Ráithe 4, 2025 | An Roinn Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, CCMA / Údaráis Áitiúla | 63 |

| Colún | Uimh. Ghnímh: | Gníomh | Príomh-Roinn nó Príomh-Ghníomhaireacht | Dáta Dlite | Roinn Tacaíochta nó Gníomhaireacht Tacaíochta | Nasc le Gníomh sa GRSS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 7 | Déanfaidh Comhairle Contae Shligigh ár bplean ar tugadh tosaíocht dó maidir le tógáil agus cothabháil bóithre (lena n-áirítear cosáin agus lánaí rothar) a fhoilsiú/a athnuachan ar bhonn bliantúil (Clár Bliantúil Oibreacha Bóithre). | Comhairle Contae Shligigh | Gach bliain | RI, TII, ÚNI | 68 |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 8 | Cuirfear Comhairle Contae Shligigh ar áireamh sa Tairiscint Réigiúnach (Connachta) le haghaidh soilsiú poiblí a uasghrádú go caighdeáin chuí trí úsáid a bhaint as soilsiú LED chun infheictheacht agus sábháilteacht a fheabhsú d'úsáideoirí bóithre. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Roinn Iompair, CCMA / Údaráis Áitiúla | 69 |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 9 | Leanfaidh Comhairle Contae Shligigh leis an Scéim Deontais bhliantúil um Bearradh Fálta a chur chun feidhme agus a chur chun cinn chun bearradh crann agus fálta cois bóthair feadh bóithre poiblí a spreagadh ar mhaithe le Sábháilteacht ar Bhóithre a fheabhsú do gach úsáideoir bóithre. | Comhairle Contae Shligigh | Gach bliain | | N/B |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 10 | Leanfaidh Comhairle Contae Shligigh le bearta a dhéanamh chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre d'úsáideoirí leochaileacha bóithre trí thrasrianta coisithe agus bearta moillithe tráchta cuí eile a sholáthar i gcás gur gá chun luas a laghdú agus chun sábháilteacht a fheabhsú d'úsáideoirí leochaileacha bóithre. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | RI, TII, ÚNI | N/B |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 11 | Cinnteoidh Comhairle Contae Shligigh go ndéanfar an soilsiú ag trasrianta coisithe a chothabháil de réir mar is gá. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | | N/B |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 12 | Déanfaidh Comhairle Contae Shligigh droichead meáite a bhunú agus a chothabháil chun feithiclí a mheá. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | | N/B |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 13 | Dhá chruinniú ar a laghad in aghaidh na bliana a eagrú le hAonad an Gharda Síochána um Póilíniú Bóithre chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna bóithre, ar chosc imbhuailtí, ar bhóithre sábháilte, agus ar anailís ar shonraí imbhuailtí, etc. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána | N/B |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 14 | Leanúint le cistiú a lorg ó TII le haghaidh scéimeanna athailíniúcháin bóithre náisiúnta agus le haghaidh scéimeanna sábháilteachta ar bhóithre náisiúnta. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | TII | N/B |

| Colún | Uimh. Ghnímh: | Gníomh | Príomh-Roinn nó Príomh-Ghníomhaireacht | Dáta Dlite | Roinn Tacaíochta nó Gníomhaireacht Tacaíochta | Nasc le Gníomh sa GRSS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 15 | Suíomhanna ardriosca ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla a shainaithint, agus cistiú a lorg le haghaidh scéimeanna sábháilteachta sna suíomhanna sin, agus na scéimeanna sin a chur chun feidhme. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | RI | N/B |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 16 | Leanúint leis an líon pointí rochtana lasmuigh de limistéir luasteorann ar bhóithre náisiúnta a laghdú. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | | N/B |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 17 | Sábháilteacht ar Bhóithre a chur ar áireamh sna hoibreacha uile ar bhóithre poiblí agus nuair atáthar ag eagrú aon imeachtaí ar bhóithre poiblí. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | | N/B |
| Bóithre agus Taobhanna Bóthair Sábháilte | 18 | Plean Cothabhála Geimhridh a fhorbairt agus a chur chun feidhme gach bliain | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | | N/B |
| Luasanna Sábháilte | 19 | Oideachas a sholáthar don phobal, i gcomhar leis an nGarda Síochána, maidir le tiomáint ar luas míchuí agus iomarcach chun comhlíonadh luais a fheabhsú ar gach bóthar, agus béim ar leith á leagan ar bhóithre réigiúnacha agus ar limistéir uirbeacha chun úsáideoirí leochaileacha bóithre a chosaint. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ar siúl | AGS, TII | 10 |
| Luasanna Sábháilte | 20 | Idirghabhálacha sonracha oideachais agus feasachta a dhéanamh chun feasacht a mhúscailt ar na buntáistí a bhaineann le criosanna 30 ciliméadar san uair i limistéir uirbeacha agus tacaíocht an phobail dóibh sin a thógáil. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ar siúl | CCMA / Údaráis Áitiúla | 76 |
| Luasanna Sábháilte | 21 | Scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá luasteorainneacha laghdaithe mar chuid den chéad Athbhreithniú eile ar Luasteorainneacha agus/nó mar chuid den Chlár um Bealaí Sábháilte chun na Scoile | Comhairle Contae Shligigh | An chéad Ath-bhreithniú eile ar Luas-teorainneacha | RI, ÚNI | 79 |

| Colún | Uimh. Ghnímh: | Gníomh | Príomh-Roinn nó Príomh-Ghníomhaireacht | Dáta Dlite | Roinn Tacaíochta nó Gníomhaireacht Tacaíochta | Nasc le Gníomh sa GRSS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Luasanna Sábháilte | 22 | Sholáthair Comhairle Contae Shligigh Comhartha Soghluaiste um Aiseolas do Thiománaithe chun aiseolas a thabhairt do thiománaithe maidir lena luas, agus leanfaidh Comhairle Contae Shligigh leis an gcomhartha sin a chur i suíomhanna eile ina sainaithnítear fadhbanna luais. Cuirfear na sonraí arna dtaifeadadh ag an gComhartha Soghluaiste um Aiseolas do Thiománaithe ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha luais a dhéanamh i suíomhanna arb eol go dtiomáineann tiománaithe ar róluas iontu. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána | N/B |
| Luasanna Sábháilte | 23 | Sholáthair Comhairle Contae Shligigh roinnt Comharthaí um Aiseolas do Thiománaithe i suíomhanna éagsúla ar fud an chontae chun aiseolas a thabhairt do ghluaisteánaithe maidir lena luas. Leanfaidh Comhairle Contae Shligigh leis na torthaí róluais ó na Comharthaí um Aiseolas do Thiománaithe a íoslódáil agus le hiad a chur ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha luais a dhéanamh i suíomhanna arb eol go dtiomáineann tiománaithe ar róluas iontu. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána | N/B |
| Luasanna Sábháilte | 24 | Déanfaidh Comhairle Contae Shligigh Faireachán Luais i suíomhanna éagsúla de réir mar is gá agus rachaidh Comhairle Contae Shligigh i dteagmháil leis an nGarda Síochána maidir le torthaí an Fhaireacháin Luais sin. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána | N/B |
| Luasanna Sábháilte | 25 | Athbhreithniú ar Luasteorainneacha ar Bhóithre Náisiúnta agus ar Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta a dhéanamh de réir mar is gá | Comhairle Contae Shligigh | An chéad Ath-bhreithniú eile ar Luas-teorainneacha | TII, RI agus an Garda Síochána | N/B |

| Colún | Uimh. Ghnímh: | Gníomh | Príomh-Roinn nó Príomh-Ghníomhaireacht | Dáta Dlite | Roinn Tacaíochta nó Gníomhaireacht Tacaíochta | Nasc le Gníomh sa GRSS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Feithiclí Sábháilte | 26 | Clár cuimsitheach cumarsáide a chur chun cinn chun eolas a thabhairt don phobal agus do ghealllsealbhóirí faoi cheannach feithiclí nua agus athláimhe agus chun tionchar a imirt orthu ina leith, lena n-áirítear:<br>• Rátáil 5 réalta Euro NCAP a chur chun cinn mar phríomhchinntitheach le linn feithicil a cheannach nó a fháil ar léas<br>• Eolas a thabhairt faoi theicneolaíochtaí nua i bhfeithiclí agus iad a chur chun cinn, lena n-áirítear eCall, córas coscánaithe frithghlasála uathoibríoch (ABS), stopadh éigeandála, imeacht lána, agus<br>• Cur chun cinn a dhéanamh ar shaoráid ar líne le haghaidh stair tástála feithiclí NCT nó CVRT a sheiceáil. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Gach bliain | Cumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI) | 14 |
| Feithiclí Sábháilte | 27 | Grúpa oibre a bhfuil saineolas ábhartha aige a bhunú chun treoirlínte a fhorbairt agus a fhoilsiú maidir le conas déileáil go sábháilte le cineálacha nua feithiclí amhail feithiclí breoslaí malartacha i gcás imbhuailtí. | An tSeirbhís Dóiteáin, Comhairle Contae Shligigh | R1 2026 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (ÚSB) | 83 |
| Feithiclí Sábháilte | 28 | Tiománaithe a chur ar an eolas faoi shábháilteacht, cothabháil agus seiceáil bonn, agus an feachtas náisiúnta a chur chun cinn. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ar siúl | AGS, Cumann Thionscal Bonn na hÉireann, REPAK ELT | 87 |
| Feithiclí Sábháilte | 29 | Cur chun cinn a dhéanamh ar an bhfeachtas feasachta poiblí lena gcuirtear tiománaithe ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le feithiclí a chothabháil i riocht ródacmhainneach. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ar siúl | SIMI | 88 |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 30 | Díriú leantach ar fhorfheidhmiú a dhéanamh ar phríomhchionta tarrthála beatha amhail tiomáint ar róluas, tiomáint ar seachrán, gan criosanna sábhála a chaitheamh, tiomáint faoi thionchar an óil agus drochiompraíocht tiománaí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí atá deartha chun úsáideoirí leochaileacha bóithre a chosaint. | An Garda Síochána | Ar siúl | ÚSB, CCMA / Údaráis Áitiúla, TII, ÚNI, an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS) | 16 |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 31 | Leanúint le coirpigh a choinneáil ón ngréasán bóithre a úsáid trí phóilíneacht ard-infheictheachta agus trí oibríochtaí forfheidhmithe atá bunaithe ar fhaisnéis. | An Garda Síochána | Ar siúl | An Roinn Dlí agus Cirt (RDC), RI, MBRS, ÚSB | 17 |

| Colún | Uimh. Ghnímh: | Gníomh | Príomh-Roinn nó Príomh-Ghníomhaireacht | Dáta Dlite | Roinn Tacaíochta nó Gníomhaireacht Tacaíochta | Nasc le Gníomh sa GRSS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 32 | Cur chun feidhme a dhéanamh ar fheachtais oideachais/feasachta poiblí a spriocdhíríonn ar na príomhthosca cúisíocha taobh thiar de bhásanna agus de ghortuithe tromchúiseacha agus a spriocdhíríonn ar ghrúpaí ardriosca. Na feachtais sin a chomhtháthú le pleananna forfheidhmithe an Gharda Síochána agus ÚSB araon. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ar siúl | AGS, MBRS, HSA | 21 |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 33 | Feasacht a mhúscailt i measc geallsealbhóirí agus an phobail ar Straitéis nua an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre. Córas Sábháilte a mhíniú agus an pobal a chlárú isteach i gcuspóir Fhís an Nialais go háirithe. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ar siúl | AGS, TII, ÚNI, HSA, RI, MBRS, an Oifig Náisiúnta um Leigheas Tráchta, an Roinn Sláinte, CCMA / Údaráis Áitiúla | 22 |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 34 | Leanúint le cur leis an líon gníomhaíochtaí forfheidhmithe a dhíríonn ar na hiompraíochtaí contúirteacha:<br>• tiomáint ar róluas<br>• criosanna sábhála<br>• fóin phóca<br>Leanúint le cur leis an líon seicphointí tástála meisceach:<br>• Tástálacha anála<br>• Tástálacha drugaí - tástáil maipíní drugaí cois bóthair le maipíní drugaí 6S | An Garda Síochána | Ar siúl | | 25 |

| Colún | Uimh. Ghnímh: | Gníomh | Príomh-Roinn nó Príomh-Ghníomhaireacht | Dáta Dlite | Roinn Tacaíochta nó Gníomhaireacht Tacaíochta | Nasc le Gníomh sa GRSS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 35 | Obair i gcomhar leis an nGrúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre chun caidreamh gníomhach a dhéanamh le daoine óga chun a chinntiú go gcuirfear a dtuairimí san áireamh nuair a bheifear ag cinneadh an bheartais agus na réimsí tosaíochta le haghaidh idirghabhálacha sábháilteachta ar bhóithre. Déanfaimid é sin trína mholadh go gcuirfí ionadaí óige ar áireamh ar an nGrúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ar siúl | RLGÓ, BOO, Comhordaitheoirí Idirbhliana, Ceannairí Ardteistiméireachta Feidhmí, SFGM, Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann, RSWTG áitiúil | 92 |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 36 | Cruinnithe ilghníomhaireachta a chur ar bhonn foirmiúil i Sligeach/i Rannán Shligigh de chuid an Gharda Síochána ar bhonn ráithiúil chun gníomhaíocht forfheidhmithe a chomhaontú agus a phleanáil. | An Garda Síochána | Ar siúl | Geallsealbhóirí | 93 |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 37 | Déanfaidh Comhairle Contae Shligigh Grúpa um Obair le Chéile i leith Sábháilteacht ar Bhóithre (RSWTG) a bhunú agus a chothabháil i gContae Shligigh chun beartas agus cur chun feidhme ilghníomhaireachta sábháilteachta ar bhóithre a chomhordú ar an leibhéal áitiúil. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | ÚSB, AGS, TII, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), CFO, Ionadaithe de réir mar is gá | 94 |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 38 | Foilseoidh an RSWTG de chuid Chomhairle Contae Shligigh Plean Gníomhaíochta ilghníomhaireachta um Shábháilteacht ar Bhóithre agus foilseoidh sí athbhreithniú bliantúil ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme an Phlean. | Comhairle Contae Shligigh | Gach bliain | ÚSB, AGS, TII, FSS, CFO | 95 |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 39 | Páirt a ghlacadh sa tionscnamh 'Bikesafe' chun feasacht mhéadaithe ar shábháilteacht ar bhóithre a chruthú i measc úsáideoirí gluaisrothair. | An Garda Síochána | Gach bliain | ÚSB | 113 |

| Colún | Uimh. Ghnímh: | Gníomh | Príomh-Roinn nó Príomh-Ghníomhaireacht | Dáta Dlite | Roinn Tacaíochta nó Gníomhaireacht Tacaíochta | Nasc le Gníomh sa GRSS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 40 | Bearta sonracha oideachais a chur chun feidhme atá dírithe ar úsáideoirí leochaileacha bóithre a chosaint. Go háirithe:<br>an oibleagáid atá ar an tiománaí tiomáint in oirchill úsáideoirí leochaileacha bóithre ar an mbóthar,<br>• feasacht ar choisithe, lena n-áirítear leanaí agus coisithe a bhfuil lagú orthu,<br>• trasnú sábháilte ag coisithe,<br>• rothaithe a scoitheadh go sábháilte,<br>• oscailt doirse in aghaidh rothaithe a sheachaint, lena n-áirítear 'an fad Ollannach' a chur chun cinn,<br>• úsáid trealaimh cosanta pearsanta do choisithe, do rothaithe agus do ghluaisrothaithe,<br>• feasacht ar chaochspotaí ar fheithiclí earraí troma agus ar bhusanna,<br>• úsáideoirí bóithre agus oibrithe ag oibreacha bóthair,<br>• cúram do dhaoine óga agus do dhaoine scothaosta,<br>• úsáid scútar agus scútar leictreach,<br>• marcaigh capall, agus<br>• rialacha an bhóthair. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ar siúl | HSA, CCMA / Údaráis Áitiúla AGS, Bus Éireann | 133 |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 41 | Leanfaidh ÚSB agus an Garda Síochána le seicphointí míosúla a chur i gcrích le haghaidh feithiclí earraí troma, busanna, feithiclí tráchtála éadroma agus tarracóirí/leantóirí talmhaíochta mar chuid de Operation Teorainn. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Garda Síochána | Ar siúl | | 152 |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 42 | Ceamaraí luais a imscaradh i gcriosanna a dtarlaíonn go leor imbhuailtí iontu agus i suíomhanna arb eol go dtiomáineann tiománaithe ar róluas iontu | An Garda Síochána | Ar siúl | RDC, RI, MBRS, ÚSB | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 43 | Leas a bhaint as gach deis chun aird a tharraingt ar a thábhachtaí atá úsáid shábháilte bóithre. | An Garda Síochána | Ar siúl | ÚSB agus Comhairle Contae Shligigh | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 44 | Láithreacht na nGardaí a mhéadú ag scoileanna agus timpeall scoileanna le linn buaicuaireanta. | An Garda Síochána | Ar siúl | ÚSB | N/B |

| Colún | Uimh. Ghnímh: | Gníomh | Príomh-Roinn nó Príomh-Ghníomhaireacht | Dáta Dlite | Roinn Tacaíochta nó Gníomhaireacht Tacaíochta | Nasc le Gníomh sa GRSS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 45 | Úsáid a bhaint as cuntais meán sóisialta an Gharda Síochána chun Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn agus chun úsáid fhreagrach agus shábháilte bóithre ag gach úsáideoir bóithre a spreagadh. | An Garda Síochána | Ar siúl | ÚSB / Comhairle Contae Shligigh | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 46 | Obair i gcomhar le ÚSB agus le Comhairle Contae Shligigh chun oideachas sábháilteachta ar bhóithre a sholáthar agus chun úsáid shábháilte bóithre ag gach duine a chur chun cinn, agus díriú ar leith á leagan ar dhaoine óga trí chuairteanna ar scoileanna, ar chlubanna spóirt, agus ar chlubanna óige, etc. | An Garda Síochána | Ar siúl | ÚSB / Comhairle Contae Shligigh | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 47 | Leanúint le hiompraíocht fhreagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú agus rioscaí a laghdú do gach úsáideoir bóithre trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe coisc agus idirghabhála a dhéanamh i gcomhpháirt le ÚSB agus le Comhairle Contae Shligigh. | An Garda Síochána | Ar siúl | ÚSB / Comhairle Contae Shligigh | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 48 | Bainfidh Comhairle Contae Shligigh an úsáid is mó is féidir as ár n-ardáin meán sóisialta chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i measc gach úsáideora bóithre – suíomh Gréasáin agus ardáin meán sóisialta Chomhairle Contae Shligigh. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána agus ÚSB | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 49 | Cuirfidh Comhairle Contae Shligigh sábháilteacht ar bhóithre agus oideachas sábháilteachta ar bhóithre chun cinn i measc daoine óga trí oideachas sábháilteachta ar bhóithre a éascú inár gcuid scoileanna, clubanna óige, clubanna CLG, agus clubanna spóirt, etc. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána agus ÚSB | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 50 | Reáchtálfaidh Comhairle Contae Shligigh imeacht bliantúil chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i measc daltaí meánscoile i gcomhar le ÚSB agus leis an nGarda Síochána – cuairteanna ar scoileanna ag ÚSB, fearais chinn réaltachta fíorúla a thabhairt chuig scoileanna, agus tointeálaí/ionsamhlóir sábháilteachta ar bhóithre a thabhairt chuig scoileanna, etc. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána agus ÚSB | N/B |

| Colún | Uimh. Ghnímh: | Gníomh | Príomh-Roinn nó Príomh-Ghníomhaireacht | Dáta Dlite | Roinn Tacaíochta nó Gníomhaireacht Tacaíochta | Nasc le Gníomh sa GRSS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 51 | Sábháilteacht ar bhóithre agus oideachas sábháilteachta ar bhóithre a chur chun cinn ar ár suíomh Gréasáin agus ar ár n-ardáin meán sóisialta ag tráthanna arb eol gur tráthanna ardriosca ar ár mbóithre iad, e.g., sábháilteacht ar bhóithre tráth na Nollag agus na hAthbhliana, sábháilteacht ar bhóithre thar dheirí seachtaine saoire bainc, sábháilteacht ar bhóithre le linn tréimhsí gnóthacha laethanta saoire samhraidh, sábháilteacht ar bhóithre le linn eachtraí aimsire guaisí, agus sábháilteacht ar bhóithre le linn na tréimhse "Filleadh ar Scoil", etc. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána agus ÚSB | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 52 | Feachtais leanúnacha cur chun cinn a reáchtáil a dhíríonn ar shábháilteacht ar bhóithre d'úsáideoirí leochaileacha bóithre, e.g., úsáid trealaimh cosanta pearsanta a chur chun cinn i measc rothaithe agus coisithe. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána agus ÚSB | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 53 | I gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Shligigh, leanúint le cabhrú leis an oiliúint "Rothaíocht i gCeart" do leanaí scoile a sholáthar. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | Comhpháirtíocht Spóirt Shligigh agus Scoileanna | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 54 | Páirt a ghlacadh i bhfeachtais réigiúnacha um shábháilteacht ar bhóithre le húdaráis áitiúla eile sa réigiún. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | Údaráis Áitiúla Eile | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 55 | Leanúint le sábháilteacht ar bhóithre agus le hoideachas sábháilteachta ar bhóithre atá dírithe ar ghrúpaí mionlaigh/faoi mhíbhuntáiste sa chontae a chur chun cinn. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána agus ÚSB | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 56 | Cur chun cinn a dhéanamh ar an tsaoráid seiceála suíochán cairr leanaí de chuid ÚSB – "Check it Fits". | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | ÚSB | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 57 | An tSeachtain Bhliantúil um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn agus páirt a ghlacadh inti. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána agus ÚSB | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 58 | Tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus páirt a ghlacadh iontu, amhail an tSeachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre, Laethanta "Moillithe", agus Tionscadal EDWARD (An Lá Eorpach Gan aon Bhás ar na Bóithre). | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána agus ÚSB | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 59 | Oideachas sábháilteachta ar bhóithre a sholáthar dóibh siúd atá i scoileanna, i gcoláistí, in eagraíochtaí spóirt, i ngrúpaí pobail agus i gcuideachtaí, etc., tríd an tSeirbhís um Oideachas Sábháilteachta ar Bhóithre de chuid ÚSB. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | An Garda Síochána agus ÚSB | N/B |

| Colún | Uimh. Ghnímh: | Gníomh | Príomh-Roinn nó Príomh-Ghníomhaireacht | Dáta Dlite | Roinn Tacaíochta nó Gníomhaireacht Tacaíochta | Nasc le Gníomh sa GRSS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 60 | Oideachas sábháilteachta ar bhóithre a sholáthar do phríomh-spriocghrúpaí amhail gnólachtaí, grúpaí daoine scothaosta, tuismitheoirí/caomhnóirí leanaí, agus grúpaí pobail, etc. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ar siúl | Comhairle Contae Shligigh agus an Garda Síochána | N/B |
| Úsáid Shábháilte na mBóithre | 61 | Oideachas sábháilteachta ar bhóithre a sholáthar do réamhscoileanna, do bhunscoileanna, do mheánscoileanna, do phobail agus do ghrúpaí mionlaigh. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Ar siúl | Comhairle Contae Shligigh agus an Garda Síochána | N/B |
| Freagairt Iarthimpiste | 62 | Clár oiliúna céadfhreagróra éigeandála a thriail d'fhoirne dóiteáin/éigeandála, agus moltaí a dhéanamh le haghaidh cur i bhfeidhm náisiúnta. | An tSeirbhís Dóiteáin, Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | AGS, an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna | 173 |
| Freagairt Iarthimpiste | 63 | Grúpa oibre a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhuan-nósanna imeachta oibríochta ag lárionaid glaonna éigeandála agus moltaí a dhéanamh maidir lena bhfeabhsú de réir mar is cuí chun feabhas a chur ar agaí freagartha foriomlána na seirbhísí éigeandála. | An tSeirbhís Dóiteáin, Comhairle Contae Shligigh | R1 2026 | An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, AGS, FSS | 174 |
| Modhanna Taistil Sábháilte agus Sláintiúla | 64 | Déanfaidh Comhairle Contae Shligigh an Clár um Bealaí Sábháilte chun na Scoile a chur chun feidhme agus soláthróidh sí cóireálacha "os comhair na scoile" do scoileanna roghnaithe faoi réir ceadú agus cistiú a fháil ó ÚNI. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | ÚSB, ÚNI, An Taisce | 177 |
| Modhanna Taistil Sábháilte agus Sláintiúla | 65 | Stadanna bus nua a sholáthar i suíomhanna roghnaithe. | Comhairle Contae Shligigh | Ar siúl | ÚNI | N/B |
| Úsáid Shábháilte Bóithre a Bhaineann leis an Obair | 66 | Caidreamh a dhéanamh leis an lucht léinn, leis an lucht gnó, leis an tsochaí shibhialta agus leis an tionscal árachais chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i ngach earnáil den phobal, lena n-áirítear na heintitis sin a spreagadh chun clárú leis an gCairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre. | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre | Gach bliain | Geallsealbhóirí | 47 |
| Athbhreithniú / Meastóireacht a Dhéanamh | 67 | Athbhreithniú Bliantúil a chur i gcrích ar na gníomhartha atá i bPlean Gníomhaíochta Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025-2027. | Comhairle Contae Shligigh | Gach bliain | Geallsealbhóirí san RSWTG | N/B |
| Athbhreithniú / Meastóireacht a Dhéanamh | 68 | Athbhreithniú Ré Caite a chur i gcrích ar na gníomhartha atá i bPlean Gníomhaíochta Chontae Shligigh um Shábháilteacht ar Bhóithre 2025-2027. | Comhairle Contae Shligigh | Ráithe 1 2028 | Geallsealbhóirí san RSWTG | N/B |